GA
E-004990/2018
Freagra a thug Marianne Thyssen
thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh
(15.11.2018)

In Airteagal 21 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (UNCRPD), ar páirtithe ann iad an tAontas Eorpach mar aon lena chuid Ballstát[1], léirítear go ndéanfaidh na páirtithe sa Choinbhinsiún gach beart is iomchuí chun úsáid teangacha comharthaíochta a aithint agus a chur chun cinn.

Mar sin féin, inniúlacht de chuid na mBallstát is ea an beartas teanga, agus ní féidir leis an gCoimisiún tacú le bearta agus iad a chomhlánú ach amháin má dhéantar ar an leibhéal náisiúnta iad.

Mar sin, cuireann an Coimisiún tionscnaimh chun cinn ar leibhéal an Aontais Eorpaigh maidir le teanga chomharthaíochta a úsáid, go háirithe tríd an Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020[2].

Tríd an gClár Foghlama ar Feadh an tSaoil (2007-2013) agus an clár Erasmus+ bhí líon áirithe tionscadal á maoiniú arb é is aidhm dóibh cumarsáid a dhéanamh níos fusa do na bodhair agus do na leathbhodhair[3].

Cuireann an Coimisiún tacaíocht airgeadais ar fáil freisin agus ardaíonn sé feasacht i dtaobh teangacha comharthaíochta a aithint trí Aontas Eorpach na mBodhar, eagraíocht neamhbhrabúsach, neamhrialtasach ar Comhlachais Náisiúnta na mBodhar ó na Ballstáit ar fad iad a chuid ball.

---

1 Cuirfear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun feidhme de réir a n-inniúlachtaí faoi seach.
2 http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=SEC:2010:1324:FIN:EN:PDF
3 Mar shampla "SIGNS – Beyond signs in the city" (http://signsinthecity.net); "SIGNS2GO – British sign language for foreign signers" (http://www.signs2go.eu); "DEAF PORT – Developing European language portfolio for the deaf" (http://www.deafport.eu). Féach na tionscadail seo a leanas freisin "From hands to head", nó "Diversity, Equality, Accessibility and Friendship".